BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

1 Lúnasa 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Limistéar saoirse, slándála agus ceartais – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Treoir (AE) 2016/343 – Airteagal 6 – An dualgas cruthúnais maidir le ciontacht an duine atá cúisithe – An dara mír d'Airteagal 47 den Chairt um Cearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – An ceart chun rochtain a fháil ar bhinse neamhspleách agus neamhchlaon – Cúiseamh arna tharraingt siar go páirteach ag an ionchúisitheoir poiblí le linn na n-éisteachta – An oibleagáid atá ar an gcúirt rialú a thabhairt ar na gnéithe den díotáil nár tacaíodh leo le linn na n-éisteachta)

I gCás C-404/24 [Dimnev] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Sofiyski gradski sad (Cúirt Chathrach Shóifia, an Bhulgáir), trí bhreith an 10 Meitheamh 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 10 Meitheamh 2024, sna himeachtaí coiriúla i gcoinne

KP,

idiragraí:

Sofiyska gradska prokuratura,

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, S. Rodin, N. Piçarra, O. Spineanu-Matei agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Richard de la Tour,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– KP, ag D. L. Kamenova, advokat,

– Rialtas na hÍsiltíre, M. Bulterman agus C. Schillemans, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Bhulgáiris.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

– an Coimisiún Eorpach, ag M. Wasmeier agus I. Zaloguin, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 6(1) de Threoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO 2016 L 65, lch. 1), agus an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí coiriúla i gcoinne KP, a líomhnaítear go raibh ábhair thámhshuanacha ina sheilbh aige agus go ndearna sé iad a dháileadh.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Foráiltear le haithrisí 22 agus 23 de Threoir 2016/343 mar a leanas:

'(22) Is ar an ionchúisitheoir atá an dualgas cruthúnais maidir le ciontacht daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe a chruthú, agus ba cheart go rachadh aon amhras chun tairbhe an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe. Shárófaí toimhde na neamhchiontachta dá n-aistreofaí an dualgas cruthúnais ón ionchúisitheoir go dtí an cosantóir, gan dochar d'aon chumhachtaí *ex officio* na cúirte maidir le fíoras a chruthú, nó do neamhspleáchas na mbreithiúna agus measúnú á dhéanamh acu ar chiontacht an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine atá cúisithe, nó do thoimhdí fíorais nó dlí a úsáid maidir le dliteanas coiriúil duine atá faoi dhrochamhras nó duine atá cúisithe. Ba cheart na toimhdí sin a theorannú le teorainneacha réasúnta, agus an tábhacht atá i gceist á cur san áireamh agus cearta na cosanta á gcaomhnú, agus ba cheart na modhanna a úsáidtear a bheith réasúnta comhréireach leis an aidhm dhlisteanach arna saothrú. Ba cheart toimhdí den sórt sin a bheith infhrisnéise agus, in aon chás, níor cheart iad a úsáid ach amháin i gcás ina n-urramaítear cearta na cosanta.

(23) I roinnt Ballstát, cuirtear de chúram ní hamháin ar an ionchúisitheoir ach ar na breithiúna agus ar na cúirteanna inniúla fianaise inchoiritheach agus shaorthach araon a lorg. Ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit nach bhfuil córas sáraíochta acu a gcóras reatha a chaomhnú, ar choinníoll go gcomhlíonann sé an Treoir seo agus forálacha ábhartha eile de dhlí an Aontais agus den dlí idirnáisiúnta.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 3 den Treoir sin, dar teideal ‘Toimhde na neamhchiontachta’:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go dtoimhdeofar gur neamhchiontach iad daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe go dtí go gcruthófar ciontach iad de réir an dlí.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 6 den Treoir sin, dar teideal ‘An dualgas cruthúnais’ mar a leanas:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit gurb ar an ionchúisitheoir a bheidh an dualgas cruthúnais maidir le ciontacht daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe a chruthú. Ní dochar an fhoráil seo d’aon oibleagáid atá ar an mbreitheamh nó ar an gcúirt ag a bhfuil dlínse fianaise inchoiritheach agus shaorthach araon a lorg, agus do cheart an chosantóra fianaise a chur isteach i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh aon amhras maidir le ceist na ciontachta chun tairbhe an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine cúisithe, lena n-áirítear i gcás ina measfaidh an chúirt nach mór an duine lena mbaineann a éigiontú.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Bulgáire

6 Foráiltear le hAirteagal 14(1) de Nakazatelno-protsesualen kodeks (an Cód um Nós Imeachta Coiriúil), sa leagan is infheidhme maidir leis na príomhimeachtaí (‘NPK’) mar a leanas:

‘[Déanfaidh] an chúirt a cinntí i gcomhréir lena tuairimí daingne […].’

7 Foráiltear le hAirteagal 27(1) de NPK mar a leanas:

‘Tar éis don ionchúisitheoir poiblí an díotáil a chur isteach, […] seolfaidh an chúirt na himeachtaí agus cinnfidh sí na ceisteanna go léir a bhaineann leis an gcás.’

8 Foráiltear le hAirteagal 46 de NPK mar a leanas:

‘(1). Déanfaidh an t-ionchúisitheoir an cúiseamh ar na cionta coiriúla atá faoi réir ionchúisimh a thionscnamh agus a shaothrú.

(2). I gcomhlíonadh na gcúraimí dá bhforáiltear i mír 1, déanfaidh an t-ionchúisitheoir poiblí na nithe seo a leanas:

[…]

3. páirt a ghlacadh in imeachtaí breithiúnacha i gcáil ionchúisitheoir Stáit;

[…]’

9 Foráiltear le hAirteagal 246 de NPK mar a leanas:

‘(1). ‘Déanfaidh an t-ionchúisitheoir an díotáil a tharraingt suas, i gcás ina bhfuil sé cinnte go bhfuarthas an fhianaise is gá [...] chun an cúiseamh a thaisceadh os comhair na cúirte [...]’

(2). Cuirfear in iúl sa chuid fhíorasach den díotáil [...] an cion coiriúil a rinne an duine cúisithe.

(3). Cuirfear in iúl sa chuid oibríochtúil den díotáil [...] aicmiú dlíthiúil an ghnímh’.

[…]’

10 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 293 de NPK:

‘Le ráiteas an ionchúisitheora phoiblí, ar dá réir ar ceart na himeachtaí coiriúla a dhúnadh nó ar ceart breithiúnas éigiontaithe a thabhairt, ní scaoiltear an chúirt óna hoibleagáid cinneadh a dhéanamh i gcomhréir lena tuairimí daingne.’

11 Foráiltear le hAirteagal 301(1) de NPK mar a leanas:

‘Agus an breithiúnas á thabhairt aici, scrúdóidh agus cinnfidh an chúirt na ceisteanna seo a leanas:

1. an ndearnadh gníomh, an ndearna an duine cúisithe é agus an ndearnadh é ar bhealach ciontach;

2. an cion coiriúil é an gníomh agus aicmiú dlíthiúil an ghnímh;

[…]’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

12 Rinne Sofiyska gradska prokuratura (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí, Sóifia, an Bhulgáir) díotáil ar KP as mála ina bhfuil 0.67 gram cannabas a dhíol le tríú páirtí an 21 Bealtaine 2022 agus dhá mhála eile ina bhfuil 1.61 gram agus 0.5 gram cannabas a choinneáil in dhá áit éagsúla, chun críoch dáilte.

13 Sa díotáil, rinne an t-ionchúisitheoir poiblí sin na trí ghníomh sin a aicmiú, ar bhonn Airteagal 354a(1) den Nakazatelen kodeks (Cód Coiriúil), mar dháileadh drugaí, maidir leis an gcéad ghníomh, agus mar sheilbh drugaí chun críocha dáilte, maidir leis an dá ghníomh eile. Tugadh na trí chion sin le chéile in aon chion amháin a aicmítear mar ‘leanúnach’, dá bhforáiltear in Airteagal 26(1) den Chód Coiriúil, ar cion a dhéanfar é a phionósú le príosúnacht idir 2 bhliain agus 8 mbliana agus le fíneáil idir 5 000 agus 20 000 leva Bulgárach (BGN) (thart ar EUR 2 500 go EUR 10 000).

14 Scrúdaigh Sofiyski gradski sad (Cúirt Chathrach Shóifia, an Bhulgáir), ar tugadh an cás os a comhair agus arb í an chúirt a rinne an tarchur í, an cás agus d’éist sí leis na páirtithe ag an éisteacht i gcomhréir, dar leis an gcúirt sin, le prionsabal na sáraíochta agus le cearta na cosanta. Sa chomhthéacs sin, dúirt KP go raibh na trí mhála drugaí ina sheilbh dá úsáid phearsanta agus nár dhíol sé na táirgí sin.

15 Le linn na héisteachta, tar éis chéim bhailiú na fianaise, mheas an t-ionchúisitheoir poiblí go raibh na trí mhála cannabas i sheilbh KP dá úsáid phearsanta. Dá bhrí sin, tharraing an t-ionchúisitheoir poiblí siar gnéithe áirithe den chúiseamh, eadhon an chéad mhála a dhíol le tríú páirtí agus an rún an dá mhála eile a dháileadh. Dá réir sin, d'iarr sé go ndéanfaí an cúisí a éigiontú maidir leis na gnéithe sin agus ciontú an chúisí sa chion dá bhforáiltear in Airteagal 354a(3) den Chód Coiriúil, eadhon drugaí a bheith ina sheilbh, a dhéanfar é a phionósú le príosúnacht idir bliain amháin agus 6 bliana agus idir BGN 2 000 agus 10 000 (thart ar EUR 1 000 go EUR 5 000). Ó thaobh KP de, d'iarr a dhlíodóir go ndéanfaí é a éigiontú mar gheall ar sháruithe ar cheanglais fhíor-riachtanacha nós imeachta a líomhnaítear a rinneadh le linn bhailiú na fianaise ag réamhchéim na n-imeachtaí coiriúla.

16 Aontaíonn an chúirt a rinne an tarchur leis an ionchúisitheoir poiblí maidir le hiompar an chúisí i ndáil leis an dara agus an tríú mála cannabas, ach measann sí, ar bhonn a hanailíse féin ar an bhfianaise a bailíodh, go bhfreagraíonn iompar KP i ndáil leis an gcéad mhála don chion dá bhforáiltear in Airteagal 354a(1) den Chód Coiriúil, eadhon drugaí a dháileadh, ós rud é gur thug KP an mála sin do thríú páirtí, tar éis dó é a cheannach trí chomhaontú comhchoiteann agus na costais a roinnt leis an duine sin. Dá bhrí sin, measann an chúirt sin gur cheart ciontú a dhéanamh maidir leis an gcion sin.

17 Sonraíonn an chúirt sin go gceadaítear ciontú den sórt sin le reachtaíocht na Bulgáire, agus go sonrach le hAirteagal 293 de NPK, fiú i gcoinne thuairim an ionchúisitheora phoiblí a cuireadh in iúl ag an éisteacht. Leagann an t-ionchúisitheoir poiblí amach, sa díotáil a tugadh os comhair na cúirte coiriúla agus nach féidir leis a tharraingt siar a thuilleadh, comhthéacs fíorasach agus dlíthiúil an chúisimh sin nach mór don chúirt sin rialú ar a bhonn, gan a bheith in ann imeacht uaidh trí rialú, *inter alia*, ar fhíorais nach gcuirtear in iúl ann. Dá bhrí sin, ní mór don chúirt choiriúil rialú a thabhairt ar shubstaint na díotála i gcomhréir lena tuairimí daingne, gan a bheith faoi cheangal ag argóintí na bpáirtithe, I gcás inarb iomchuí, trí na bearta uile is gá a ghlacadh as a stuaim féin chun na fíorais dá dtagraítear sa díotáil sin a chruthú.

18 Sa chomhthéacs sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an gceanglaítear leis an gcéad abairt d'Airteagal 6(1) de Threoir 2016/343, ar dá réir a bheidh 'an dualgas cruthúnais maidir le ciontacht daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe a chruthú.', ar an ionchúisitheoir poiblí ní hamháin fianaise a chur i láthair chun tacú leis an gcúiseamh, ach freisin a chur in iúl os comhair na cúirte gur cruthaíodh an chiontacht sin. De réir na cúirte sin, tá amhras ann go bhféadfadh an t-ionchúisitheoir poiblí an dualgas cruthúnais atá air a chomhlíonadh i gcás nach maíonn sé a thuilleadh, ag an éisteacht, go bhfuil an duine cúisithe ciontach.

19 Tá an chúirt sin den tuairim gur gá, sna himthosca sin, go dtagann an cruthúnas ar chiontacht an duine sin ón gcúirt. Dá bhrí sin, fiafraíonn sí an bhféadfaidh an chúirt sin a mheas, ar a tionscnamh féin, agus scrúdú *ex officio* á dhéanamh aici ar an bhfianaise dá dtagraítear sa dara habairt d'Airteagal 6(1) agus in aithrisí 22 agus 23 de Threoir 2016/343, gur cruthaíodh an ciontacht sin.

20 Thairis sin, measann an chúirt sin, sa bhreis ar an Treoir sin, go bhfuil feidhm ag Cinneadh Réime 2004/757/JAI ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus maidir le pionóis i réimse na gáinneála neamhdhleathaí ar dhrugaí (IO 2004 L 335, lch. 8) maidir leis an gcás sna príomhimeachtaí, agus mar thoradh air sin go dtagann an Cinneadh sin faoi raon feidhme na Cairte a shainítear in Airteagal 51(1) di.

21 Dá bhrí sin, ós rud é nach mór na ceanglais a bhaineann le ‘cúirt nó binse neamhchlaon’ de réir bhrí an dara mír d’Airteagal 47 den Chairt a chomhlíonadh, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhféadfar a mheas go bhfuil cúirt a chinneann ciontacht an duine chúisithe, ag tréigeadh chomhsheasamh an ionchúisitheora phoiblí agus na cosanta,, agus dá bhrí sin, a chuireann í féin in ionad an ionchúisitheora phoiblí maidir le gnéithe áirithe den chúiseamh, neamhchlaon.

22 I ndáil leis sin, measann an chúirt a rinne an tarchur nach ionann an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí agus an cás a ndearnadh anailís air i mbreithiúnas an 9 Samhain 2023, *BK (Cion a athaicmiú)* (C-175/22, EU:C:2023:844, míreanna 55 go 57), inar mheas an Chúirt go raibh cúirt neamhchlaon i gceist. Cuireann sí in iúl, sa chás sna príomhimeachtaí, gur chuir an t-ionchúisitheoir poiblí in iúl go soiléir nár thacaigh sé le gnéithe áirithe den chúiseamh, lena n-áirítear gnéithe fíorasacha áirithe, ach sa chás as ar eascair an breithiúnas sin, ní raibh ach athaicmiú na bhfíoras i gceist, nach ndearna an t-ionchúisitheoir poiblí aighneachtaí ina leith.

23 Ar deireadh, ba cheart an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, a síníodh sa Róimh an 4 Samhain 1950 (‘ECHR’), a chur san áireamh faoin ‘dlí idirnáisiúnta’ dá dtagraítear in aithris 23 de Threoir 2016/343 agus Airteagal 52(3) den Chairt araon.

24 Chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, ina breithiúnais an 20 Meán Fómhair 2016, *Karelin* v *an Rúis* (CE:ECHR:2016:0920JUD000092608), agus an 8 Deireadh Fómhair 2019, *Korneyeva* v *an Rúis* (CE:ECHR:2019:1008JUD007205117), nach bhfuil cúirt neamhchlaon i gcás ina raibh an t-ionchúisitheoir as láthair le linn díospóireachtaí ina ndearnadh scrúdú ar fhianaise nua. Sa chéad bhreithiúnas sin agus i mbreithiúnas an 6 Márta 2018, *Mikhaylova* v *an Úcráin* (CE:ECHR:2018:0306JUD001064408), chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine freisin nach bhfuil cúirt neamhchlaon i gcás ina chiontaíonn sí duine in éagmais an ionchúisitheora phoiblí, agus ar an gcaoi sin ina bhfuil an dualgas cruthúnais air maidir le ciontacht an duine chúisithe. Dá bhrí sin, glacann cúirt, *a fortiori*, leis an bhfeidhm tacú leis an gcúiseamh i gcás ina chiontaíonn sí an duine sin cé gur tharraing an t-ionchúisitheoir poiblí, a bhí i láthair ag an éisteacht, gnéithe áirithe den chúiseamh siar.

25 Sna himthosca seo, chinn Sofiyski gradski sad (Cúirt Chathrach Shóifia) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘An gcuirtear cosc le hAirteagal 6(1), arna léamh i gcomhar le haithrisí 22 agus 23, de Rialachán [2016/343], i gcomhar leis an dara mír d’Airteagal 47 den Chairt, [ar dhlí náisiúnta nach scaoiltear an chúirt ón oibleagáid rialú a thabhairt ar shubstaint an cháis le ráiteas an ionchúisitheora phoiblí lena n-áitítear nach dtacaíonn sé leis an gcúiseamh, agus é mar thoradh air sin go gciontaíonn an Chúirt i leith cuid den chúiseamh nach bhfuil tacaíocht an ionchúisitheora aige]?’

An cheist a tharchuirtear

26 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 6(1) de Threoir 2016/343 agus an dara mír d’Airteagal 47 den Chairt le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina gceanglaítear ar chúirt choiriúil rialú a thabhairt ar an díotáil i gcomhréir lena tuairimí daingne, cé go n-iarrann an t-ionchúisitheoir poiblí, tar éis dó fianaise a

chur i láthair ag an éisteacht lena gceadaítear, de réir na cúirte sin, an duine cúisithe a chiontú sna cionta dá dtagraítear sa díotáil sin, maidir le gníomhartha áirithe dá dtagraítear sa díotáil sin, an duine sin a éigiontú nó a chiontú i gcion nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna.

27 Ba cheart a mheabhrú, sa chéad áit, gurb é an t-aon chuspóir atá le Treoir 2016/343 ná rialacha íosta comhchoiteanna a leagan síos agus, dá bhrí sin, nach ndéantar comhchuibhiú uileghabhálach ar imeachtaí coiriúla léi (breithiúnas an 8 Meitheamh 2023, *VB (Duine arna chiontú* in absentia *a chur ar an eolas)*, C-430/22 agus C-468/22,EU:C:2023:458, mír 29 agus an cásdlí dá dtagraítear). I bhfianaise raon feidhme teoranta an chomhchuibhithe a dhéantar leis an Treoir sin, tagann ceisteanna nach rialaítear léi faoi raon feidhme an dlí náisiúnta (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Iúil 2024, *FP agus páirtithe eile (Triail trí fhíschomhdháil)*, C 760/22, EU:C:2024:574, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Is é is cuspóir d'Airteagal 6 den Treoir sin leithdháileadh an dualgais cruthúnais a rialú tráth a ghlactar cinntí breithiúnacha maidir le ciontacht (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Samhain 2019, *Spetsializirana prokuratura*, C-653/19 PPU, EU:C:2019:1024, mír 33).

29 Faoin gcéad abairt d'Airteagal 6(1) de Threoir 2016/343, beidh an dualgas cruthúnais ar an ionchúisitheoir maidir le ciontacht daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe a chruthú. Chinn an Chúirt cheana féin go gcuirtear cosc le hAirteagal 6(1) den Treoir sin, mar is léir ó aithris 22 de Threoir sin, ar an dualgas cruthúnais a aistriú ón ionchúisitheoir go dtí an chosantóir(féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Nollaig 2022, *HYA agus páirtithe eile (Dodhéantacht finnéithe ionchúisimh a cheistiú)*, C-348/21, EU:C:2022:965, mír 32).

30 Dá bhrí sin, faoin gcéad abairt d'Airteagal 6(1) de Threoir 2016/343, ní mór don pháirtí ionchúisimh fianaise a bhailiú chun tacú leis an ionchúisitheoir agus í a chur faoi bhráid na cúirte ag a bhfuil dlínse.

31 Mar is léir ón dara habairt d'Airteagal 6(1) de Threoir 2016/343, tá an oibleagáid a eascraíonn as an gcéad abairt den mhír sin gan dochar d'aon oibleagáid atá ar an mbreitheamh nó ar an gcúirt ag a bhfuil dlínse fianaise inchoiritheach agus shaorthach araon a lorg.

32 Ina theannta sin, mar is léir ó aithris 22 de Threoir 2016/343, tá an admháil go sárófaí toimhde na neamhchiontachta dá n-aistreofaí an dualgas cruthúnais ón ionchúisitheoir go dtí an cosantóir gan dochar d'aon chumhachtaí *ex officio* na cúirte maidir le fíoras a chruthú, nó do neamhspleáchas na mbreithiúna agus measúnú á dhéanamh acu ar chiontacht an duine atá faoi dhrochamhras nó an duine chúisithe, nó do thoimhdí fíorais nó dlí a úsáid maidir le dliteanas coiriúil duine atá faoi dhrochamhras nó duine chúisithe.

33 Leanann sé ón oibleagáid atá ar an ionchúisitheoir, i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Threoir 2016/343, fianaise a thabhairt maidir le ciontacht an duine chúisithe, nach de chineál í lena gcuirfí cosc ar reachtaíocht náisiúnta foráil a dhéanamh gur faoin mbreitheamh nó faoin gcúirt ag a bhfuil dlínse measúnú neamhspleách a dhéanamh ar chiontacht an duine chúisithe, i gcás inarb iomchuí, tar éis dóibh féin fianaise inchoiritheach agus shaorthach araon a lorg.

34 Is amhlaidh is mó é sin i gcás, mar atá sa chás seo, go ndéanann an breitheamh nó an chúirt ag a bhfuil dlínse measúnú ar chiontacht an duine chúisithe, gan beann ar an measúnú a rinne an t-ionchúisitheoir poiblí i ndáil leis sin, ar bhonn na fianaise arna cur isteach ag an ionchúisitheoir poiblí agus ag an gcosaint.

35 Leanann sé ón méid sin roimhe seo nach gcuirtear cosc le hAirteagal 6(1) de Threoir 2016/343 ar reachtaíocht náisiúnta den sórt sin, fiú má iarrann an t-ionchúisitheoir poiblí – tar éis dó an fhianaise sin a chur i láthair ag an éisteacht, maidir le cuid de na fíorais dá dtagraítear sa díotáil – an duine cúisithe a éigiontú nó a chiontú i gcion nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna.

36 Sa dara háit, ní mór a mheabhrú, i gcomhréir le hAirteagal 51(1) den Chairt, agus dlí an Aontais á chur chun feidhme ag na Ballstáit, nach mór dóibh na cearta a ráthaítear leis an gCairt a urramú.

37 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt go nglactar le toimhde na neamhchiontachta, dá dtagraítear in aithris 22 agus in Airteagal 6 de Threoir 2016/343, go bhfuil an breitheamh saor ó aon chlaontacht agus dliteanas coiriúil an chúisí á scrúdú aige, *a priori*. Dá bhrí sin, is coinníollacha bunriachtanacha iad neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna chun toimhde na neamhchiontachta a ráthú (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Samhain 2021, *Prokuratura Rejonowa w Mińsku Mazowieckim agus páirtithe eile*, C-748/19 go C-754/19, EU:C:2021:931, mír 88).

38 Tá an ceart atá ag gach duine chun éisteacht a fháil ó chúirt nó bhinse neamhspleách neamhchlaon, arna bhunú roimh ré le dlí, ar cheann de na ceanglais a bhaineann leis an gceart bunúsach chun triail chóir a fháil, a ráthaítear leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Iúil 2024, *Breian*, C-318/24 PPU, EU:C:2024:658, mír 80).

39 Dá bhrí sin, ní mór a chinneadh an gcuireann na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a leagtar síos leis an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena gceadaítear do chúirt choiriúil, ag deireadh na trialach coiriúla, cúisí a chiontú i gcion dá dtagraítear sa díotáil, fiú má iarrann an t-ionchúisitheoir poiblí – tar éis dó an fhianaise arna bailiú a chur i láthair – an duine sin a éigiontú nó a chiontú i gcion nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna.

40 De réir cásdlí socair, tá dhá ghné ag baint leis an gceanglas maidir le neamhspleáchas sin. Ceanglaítear leis an gcéad ghné, atá de chineál seachtrach, ar an gcúirt lena mbaineann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh go hiomlán neamhspleách, gan bheith faoi réir aon srian ordlathach nó faoi smacht aon chomhlachta eile agus gan orduithe nó treoracha a ghlacadh ó fhoinse ar bith, agus leis sin chosnófaí an chúirt in aghaidh idirghabhálacha seachtracha nó brú lenar dócha go gcuirfí as do bhreithiúnas neamhspleách a comhaltaí agus go mbeadh tionchar ag an méid sin ar a gcinntí (breithiúnas an 19 Nollaig 2024, *Vivacom Bulgaria*, C-369/23, EU:C:2024:1043, mír 30 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 Tá an dara gné, ar gné inmheánach í, nasctha le 'neamhchlaontacht' agus féachtar léi lena áirithiú go gcoimeádtar comhfhad idir na páirtithe sna himeachtaí agus a leasanna faoi seach maidir le hábhar na n-imeachtaí sin. Éilíonn an ghné sin oibiachtúlacht agus easpa leasa i dtoradh an cháis seachas cur i bhfeidhm docht an smachta reachta (breithiúnas an 19 Nollaig 2024, *Vivacom Bulgaria*, C-369/23, EU:C:2024:1043, mír 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

42 Leis na ráthaíochtaí sin maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais, glactar leis go bhfuil rialacha ann lena ndíbrítear aon amhras dlisteanach, ó intinn daoine aonair, *inter alia*, maidir le neodracht na dlínse atá i gceist i dtaca leis na leasanna atá i gcoinbhleacht a thugtar os a comhair (breithiúnas an 19 Nollaig 2024, *Vivacom Bulgaria*, C-369/23, EU:C:2024:1043, mír 32 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Ní féidir a mheas go bhfuil reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar chúirt choiriúil rialú a thabhairt ar dhíotáil i gcomhréir lena tuairimí daingne, gan a bheith faoi cheangal ag na measúnuithe a bhaineann le ciontacht an duine chúisithe arna ndéanamh ag an ionchúisitheoir poiblí ag an éisteacht, contrártha do na ceanglais sin. Níl reachtaíocht den sórt sin, arb é is aidhm di a áirithiú go gcuirfear an dlí coiriúil i bhfeidhm go hiomlán agus go ngearrfar pionós ar chiontóirí, de chineál a chaithfeadh amhras ar chomhfhad na cúirte sin ó na páirtithe sna himeachtaí agus a leasanna faoi seach maidir le hábhar na n-imeachtaí sin nó a chruthódh amhras dlisteanach in aigne daoine aonair i ndáil leis sin.

44 Ba cheart a thabhairt faoi deara, a mhéid a leagtar síos leis an gCairt na cearta a fhreagraíonn do na cearta a ráthaítear le ECHR, is é is aidhm d'Airteagal 52(3) den Chairt an chomhsheasmhacht is gá a áirithiú idir na cearta atá sa Chairt agus na cearta comhfhreagracha a ráthaítear le ECHR, gan dochar a dhéanamh dá bhrí sin d'uathriail dhlí an Aontais. De réir na mínithe a bhaineann leis an gCairt um Chearta Bunúsacha (IO 2007 C 303, lch. 17), freagraíonn an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt d'Airteagal 6(1) ECHR. Dá bhrí sin, ní mór don Chúirt a áirithiú go ráthaítear, lena léiriú sa chás seo, leibhéal cosanta nach dtugann neamhaird ar an leibhéal cosanta a ráthaítear le hAirteagal 6(1) de ECHR, arna léiriú ag an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine (breithiúnas an 19 Nollaig 2024, *Vivacom Bulgaria*, C-369/23, EU:C:2024:1043, mír 28 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Déantar tagairt san iarraidh ar réamhrialú do chásdlí an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine, ar dá réir a chuirtear cosc leis an gceanglas maidir le neamhchlaontacht a eascraíonn as Airteagal 6(1) de ECHR ar ualach a bheith ar chúirt choiriúil tacú leis an ionchúisitheoir trí chiontú a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, tar éis fianaise nua a bhailiú ar a tionscnamh féin, i gcás ina raibh an t-ionchúisitheoir as láthair le linn na n-éisteachtaí (ECtHR, an 20 Meán Fómhair 2016, *Karelin* v *an Rúis*, CE:ECHR:2016:0920JUD000092608, § 73 agus 76, agus ECtHR, an 6 Márta 2018, *Mikhaylova* v *an Úcráin*, CE:ECHR:2018:0306JUD001064408, § 64).

46 Mar sin féin, níl an cásdlí sin ábhartha sa chás seo. Ní bhaineann an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú le fianaise nua a bhailiú, ag an éisteacht, ar thionscnamh chúirt na trialach in éagmais an ionchúisitheora phoiblí nó le héisteacht a reáchtáil freisin in éagmais an ionchúisitheora phoiblí, imthosca a bhaineann leis an gcásdlí sin, ach leis an oibleagáid atá ar an gcúirt sin rialú a thabhairt ar an díotáil i gcomhréir lena tuairimí daingne i gcás inar ghlac an t-ionchúisitheoir poiblí páirt san éisteacht, cás a bhfuil an t-aon saintréithe atá i gceist leis ná an fíoras, cé gur bailíodh an fhianaise go léir, gur iarr an t-ionchúisitheoir poiblí, maidir le cuid de na fíorais dá dtagraítear sa díotáil sin, an duine cúisithe a éigiontú nó a chiontú i gcion nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna.

47 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear nach mór Airteagal 6(1) de Threoir 2016/343 agus an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina gceanglaítear ar chúirt choiriúil rialú a thabhairt ar an díotáil i gcomhréir lena tuairimí daingne, cé go n-iarrann an t-ionchúisitheoir poiblí – tar éis dó fianaise a chur i láthair ag an éisteacht, arb é tuairim na cúirte sin é gur leor í chun an duine cúisithe a chiontú sna cionta dá dtagraítear sa díotáil sin – maidir le gníomhartha áirithe dá dtagraítear sa díotáil sin – an duine sin a éigiontú nó a chiontú i gcion nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna.

Costais

48 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 6(1) de Threoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla, agus an dara mír d'Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina gceanglaítear ar chúirt choiriúil rialú a thabhairt ar an díotáil i gcomhréir lena tuairimí daingne, cé go n iarrann an t-ionchúisitheoir poiblí – tar éis dó fianaise a chur i láthair ag an éisteacht, arb é tuairim na cúirte sin é gur leor í chun an duine cúisithe a chiontú sna cionta dá dtagraítear sa díotáil sin – maidir le gníomhartha áirithe dá dtagraítear sa díotáil sin – an duine sin a éigiontú nó a chiontú i gcion nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna.

Sínithe